

CHECK AGAINST DELIVERY

Óráid leis an Aire Ross, Seoladh Bí Ullamh don Gheimhreadh

Dé Céadaoin 9 Samhain

- Seo an chéad bhliain ina bhfuilim rannpháirteach san fheachtas Bí Ullamh don Gheimhreadh agus é i mbun mo róil mar Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá an-áthas orm a bheith anseo. San fheachtas seo oibríonn go leor Ranna Rialtais agus a gcuid gníomhaireachtaí rialtais i dteannta a chéile chun ullmhú don gheimhreadh agus don fhéidearthacht go mbeadh aimsir chrua againn.
- Ar an drochuair le roinnt geimhreadh anuas bhí tréimhsí d'aimsir an-chrua againn, ar nós stoirmeacha, gaotha láidre agus tréimhsí fada d'oighear agus de shneachta. Mar is eol dúinn go léir, féadann aimsir chrua cur isteach ar ár gcuid seirbhísí iompair ach go háirithe.
- Le linn aimsire an-chrua d'fhéadfadh nach mbeadh ár gcuid oibreoirí iompair go léir in ann na seirbhísí go léir a chur ar fáil mar a dhéanfaidís de ghnáth. Mar gheall ar cheachtanna a foghlaimíodh ó thaithí, áfach, tá oibreoirí iompair in ann a gcuid pleananna ullmhachta a dhéanamh níos beaichte agus é mar aidhm cur isteach a sheachaint áit is féidir, nó, áit nach féidir, cur isteach a laghdú an oiread is féidir. Tá pleananna teagmhasachta i bhfeidhm ag ár n-oibreoirí iompair, a bhfuil ionadaithe ag cuid mhór acu anseo inniu, chun an cur isteach de thoradh aimsire chrua a laghdú an oiread is féidir.
- Tá sé mar thosaíocht dúinn freisin an gréasán náisiúnta príomhbhóithre a choimeád ar oscailt chomh maith le bóithre réigiúnacha tábhachtacha agus bealaí iompair phoiblí, agus moilleanna nó cur isteach inár gcuid port farraige, aerfort agus ar ár gcuid iarnród a laghdú an oiread is féidir.
- Tá Transport Infrastructure Ireland fós ag obair as lámh a chéile le hÚdarás Áitiúla chun déanamh cinnte go bhfuil dóthain salainn sa tír

roimh an ngeimhreadh. An geimhreadh seo beidh níos mó ná 240,000 tonna de shalann ar fáil le húsáid ar bhóithre náisiúnta, réigiúnacha & áitiúla. Mar chomparáid, baineadh úsáid as 96,000 tona de shalann an geimhreadh seo caite agus baineadh úsáid as 130,000 tona le linn an gheimhridh fhíorchrua 2010/2011.

Tá an méid stoic sin i bhfad níos mó ná na méideanna bliantúla a úsáidte le roinnt geimhreadh anuas. Má tharlaíonn go mbeadh níos mó ag teastáil, rud nach dócha, tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun é a fháil.

- Teachtaireacht thábhachtach a bhaineann leis an bhfeachtas Bí Ullamh don Gheimhreadh ná go n-ullmhóimis go léir roimh ré chun aon rioscaí a laghdú a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. D'oibrigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre as lámh a chéile leis an Oifig um Pleanáil Éigeandála i mbliana chun bileog a dhéanamh faoi ullmhú ina bhfuil comhairle phraiticiúil faoi thiomáint go sábháilte le linn drochaimsire.
- Gné lárnach de chomhairle an RSA ná gur cheart do thiománaithe a gcuid feithiclí a ullmhú roimh ré agus, le linn aimsire cruu, nár cheart dóibh bheith ag taisteal ach nuair is gá agus gur cheart dóibh bheith an-chúramach agus é ar bun acu. Teachtaireacht shimplí atá ann agus iarraim ar na tiománaithe go léir í a choimeád i gcuimhne agus turais á bpleanáil acu an geimhreadh seo.
- Tá súil agam go mbeidh geimhreadh séimh againn i mbliana. Ní féidir linn bheith ag brath air sin áfach agus muid ag pleanáil agus tá go leor oibre déanta chun ullmhú i gcomhair imeachtaí aimsire cruu. Cibé atá i ndán dúinn, molaim do gach úsáideoir iompair bheith ar a n-eolas faoi na coinníollacha timpeall orthu agus aird a thabhairt ar an gcomhairle a chuirtear orthu i leith sábháilteachta.

